V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

CHÚIRT GHINEARÁLTA

GLAO AR IARRATAIS

(2023/C 14 A/01)

Ceann den dá chúirt atá i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh í an Chúirt Ghinearálta. Áirítear ar a misean, *inter alia*, athbhreithniú a dhéanamh ar dhlíthiúlacht ghníomhartha institiúidí agus chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh. Chuige sin, léiríonn na cásanna a thugtar os comhair na Cúirte Ginearálta gníomhaíochtaí na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí sin. Ina theannta sin, tá sé beartaithe go méadófar dlínse na Cúirte Ginearálta chuig iarrataí ar réamhrialú faoi Airteagal 267 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh in ábhair shonracha áirithe.

Déanfaidh an Chúirt Ghinearálta, i gcomhréir leis an gceathrú mír d'Airteagal 254 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus le hAirteagal 32 de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta, a Cláraitheoir a cheapadh go luath.

Déanfar an ceapachán sin go ceann tréimhse sé bliana ón dáta a rachaidh an Cláraitheoir i mbun dualgas, tréimhse a thosóidh roimh an 1 Bealtaine 2023, más féidir.

I. NÁDÚR NA nDUALGAS

Beidh an Cláraitheoir freagrach, faoi údarás Uachtarán na Cúirte Ginearálta, as na doiciméid uile a ghlacadh, a tharchur agus a choimeád, agus as seirbheáil a dhéanamh de réir mar a fhoráiltear i Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

Cabhróidh an Cláraitheoir le Comhaltaí na Cúirte Ginearálta ina bhfeidhmeanna oifigiúla uile.

Beidh na séalaí faoi choimeád ag an gCláraitheoir agus beidh sé freagrach as na taifid. Beidh an Cláraitheoir freagrach as foilseacháin na Cúirte Ginearálta, go háirithe Tuairiscí na Cúirte Breithiúnais agus as doiciméid a bhaineann leis an gCúirt Ghinearálta a scaipeadh ar an Idirlíon.

Beidh riarachán, bainistíocht airgeadais agus cuntais na Cúirte Ginearálta de chúram ar an gCláraitheoir, faoi údarás Uachtarán an Cúirte Ginearálta, agus beidh ranna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh de chúnamh aige chuige sin.

Tá an Cláraitheoir freagrach as roinn ina bhfuil thart ar 70 oifigeach agus seirbhíseach eile. Chun a gcuid dualgas a chomhlíonadh, ní mór cumas bainistíochta cruthaithe a bheith acu agus taithí ábhartha sa réimse seo a bheith mar thaca leis.

II. IARRATAS A CHUR ISTEACH

Iarrtar ar dhaoine a bhfuil suim acu sa phost seo a n-iarratas a chur isteach i litir inspreagtha, mar aon le curriculum vitae mionsonraithe, lena gcumhdófar, go háirithe, an fhaisnéis go léir maidir leis na nithe seo a leanas:

— a náisiúntacht,

— a gcáilíochtaí acadúla i réimse an dlí agus, i gcás inarb iomchuí, i ndisciplíní eile,

— eolas ar theangacha, go háirithe eolas ar an bhFraincis agus ar an mBéarla,

— a ngníomhaíochtaí gairmiúla reatha agus a gcuid gníomhaíochtaí gairmiúla roimhe seo, lena léirítear taithí ábhartha 15 bliana ar a laghad más féidir,

— agus aon taithí bhreithiúnach agus idirnáisiúnta eile.

Iarrtar ar iarrthóirí iarratas a chur isteach ar an bpost seo chuig Rúnaíocht Uachtarán na Cúirte Ginearálta, trí ríomhphost amháin, chuig Secretariat_President-Tribunal@curia.europa.eu, faoin 15 Feabhra 2023.

Déanfaidh coiste roghnúcháin athbhreithniú ar an hiarratais. Tabharfar cuireadh chun agallaimh d'iarrthóirí a chuirfear ar an ngearrliosta ar bhonn anailís ar a curriculum vitae agus ar a litir inspreagtha.

Tar éis na n-agallamh, déanfaidh an Coiste roghnúcháin liosta iarrthóirí a mheasfar a bheith oiriúnach chun ról an Chláraitheora a fheidhmiú. Cuirfear an liosta sin faoi bhráid na Cúirte Ginearálta chun an Cláraitheoir a cheapadh, i gcomhréir le hAirteagal 32(1) de Rialacha Nós Imeachta na Cúirte Ginearálta.

NB: Is le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1] a rialaítear próiseáil do shonraí pearsanta, atá riachtanach chun measúnú a dhéanamh ar do chumas gníomhú mar Cláraitheoir. Is iad na daoine a bhfuil baint acu le próiseáil d'iarratais amháin, i.e. breithiúna na Cúirte Ginearálta agus an tUachtarán agus iad siúd a thugann cúnamh dóibh, a bhfaighidh rochtain ar do shonraí. Chun faisnéis a fháil faoi chosaint do shonraí, déan teagmháil leis an Rialaitheoir (Secretariat_President-Tribunal@curia.europa.eu) nó leis an Oifigeach Cosanta Sonraí (Dataprotectionofficer@curia.europa.eu).

---

[1] Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).